# Turas Oideachais

Shocraigh an máistir ar dhul ar thuras oideachais go Baile Átha Cliath. Chuir na páistí a gcuid airgid **i dtaisce.** Bhailigh an máistir an t-airgead ansin. Ar an tríú lá déag de Mheitheamh chuamar ar an turas. An mhaidin sin bhí na páistí cruinnithe i gclós na scoile ar a hocht a chlog. Nuair a chonaiceamar an bus chugainn thosaíomar ag béiceadh. Isteach linn go léir sa bhus. Shuigh mise ar chúl an bhus agus bhí mé ag féachaint amach an **fhuinneog chúil.** Thosaigh an bus ag gluaiseacht agus bhí **fothram** an-mhór ón inneall. Thosaigh Liam ag canadh amhráin ansin. **Ba ghearr** go rabhamar go léir ag canadh. Chan an máistir **amhrán greannmhar** agus fuair sé bualadh bos. Shroicheamar an chathair. Ar dtús d'itheamar an lón sa bhus. Bhí ceapairí agam a rinne Mamaí. Bhí **fleasc** agam freisin agus tae istigh ann. Nuair a bhí ár ndóthain ite againn d'fhágamar an bus.

**Foclóir:**

**taisce,** savings — **greannmhar,** funny
**fothram,** noise — **ceapairí,** sandwiches

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cé a bhailigh an t-airgead?
   — an tiománaí.
   — an garda.
   — an máistir.
2. Cathain a chuamar ar an turas?
   — i lár an gheimhridh.
   — ar an tríú lá déag de Mheitheamh.
   — ar an seachtú lá déag de Mhárta.
3. Cad a tharla nuair a chonaiceamar an bus chugainn?
   — Ritheamar isteach sa pháirc.
   — Chuamar abhaile.
   — Thosaíomar ag béiceadh.

**B. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Bhí na páistí i gclós na scoile ar — — — — .
2. Bhí sé ag féachaint amach an — —
3. Chan an máistir amhrán greannmhar agus — — — —.
4. Bhí ceapairí agam a — —
5. Nuair a bhí ár ndóthain ite againn — — — .

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Go Baile Átha Cliath.
2. Thosaíomar ag béiceadh.
3. Ar chúl an bhus.
4. Bhí tae istigh ann.
5. D'ól mé é.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a rinne na páistí lena gcuid airgid?
2. Cén fáth a raibh na páistí i gclós na scoile ar a hocht a chlog?
3. Cathain a bhí fothram an-mhór ón inneall?
4. Cén fáth ar thug siad bualadh bos don mháistir?
5. Cad a rinne siad nuair a shroich siad an chathair?
6. Céard a bhí acu don lón?
7. Cén fáth nár ith siad lón in óstán?

**Gramadach 26**

1. Shocraigh an máistir ar **dhul ar thuras oideachais.**
   (bailigh/airgead, déan/ceapairí, ceannaigh/úlla, can/amhrán, faigh/bainne.)
2. Thosaíomar **ag béiceadh.**
   (rith, ith, can, éist, scríobh, éirigh.)
3. Bhí ceapairí **agam** a rinne Mamaí.
   (tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)